An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

# Coiste Comhairleach um Sheirbhísí Gaeilge

## Miontuairiscí - Cruinniú 13 – 23 Feabhra 2024

**LÁTHAIR:** Foras na Gaeilge, 63-66 Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1

**DÁTA:** Dé hAoine, an 23 Feabhra 2024

**AM:** 10:30 – 13:00

**I LÁTHAIR:**

| Ainm | Eagraíocht | Ról | Modh |
|---|---|---|---|
| An Dr. Aodhán Mac Cormaic | An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & Meán | Cathaoirleach | Ar an Láthair |
| Marta Alvarez (thar ceann John Howlin) | An Roinn Caiteachais Phoiblí Sheachadadh PFN agus Athchóirithe | Comhalta | Ar an Láthair |
| Mags Campbell | An Roinn Oideachais | Comhalta | Ar Chiancheangal |
| Elaine Bird | An Roinn Coimirce Sóisialaí | Comhalta | Ar an Láthair |
| An Ceannfort Seán Glynn | An Garda Síochána | Comhalta | Ar Chiancheangal |
| Sinéad Coleman | An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí | Comhalta | Ar an Láthair |
| Patrick Murray (thar ceann Eithne Fox) | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | Comhalta | Ar Chiancheangal |
| Jim Molloy | An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil | Comhalta | Ar Chiancheangal |
| Breandán Mac Craith | Foras na Gaeilge | Comhalta | Ar an Láthair |
| John Prendergast | Pobail Ghaeltachta | Comhalta | Ar an Láthair |
| Mairéad Ní Ghabháin | Pobail Teanga lasmuigh den Ghaeltacht | Comhalta | Ar an Láthair |
| Sadhbh Ó Cinnseala | An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán | Príomhoifigeach an Aonaid | Ar an Láthair |
| Emily Maloney | An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán | Rúnaí | Ar Chiancheangal |
| Julian de Spáinn | Conradh na Gaeilge | Ard-Rúnaí | Ar an Láthair |
| Róisín Ní Chinnéide | Conradh na Gaeilge | Bainisteoir Abhcóideachta | Ar an Láthair |

PRÍOMHCINNTÍ TÓGTHA:

- Aontaíodh miontuairiscí an chruinnithe an 24 Samhain 2023;
- Aontaíodh go ndéanfadh comhaltaí an Choiste dréacht-mhiontuairiscí an chruinnithe roimhe sin a ghlanadh trí ríomhphost laistigh de sheachtain;
- Aontaíodh go socrófaí dáta don chéad chruinniú eile den Choiste faoi lár mhí an Mhárta agus an taighde ag teacht chun críche.

PLÉ AR AN gCLÁR INA IOMLÁINE:

1. **Fáilte ón gCathaoirleach**:
    - Cuireadh tús leis an gcruinniú le ráiteas oscailte ó Chathaoirleach an Choiste, an Dr. Aodhán Mac Cormaic;
    - Cuireadh fáilte ar leith roimh Marta Alvarez agus Patrick Murray a bhí ag seasamh isteach ag an gcruinniú thar ceann na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe agus Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte faoi seach;
    - Deimhníodh gur aontaigh Elaine Bird le téarmaí tagartha agus nósanna imeachta an Choiste trí ríomhphost dar dáta an 1 Feabhra 2024.

2. **Miontuairiscí an Chruinnithe roimhe sin:**
    - Aontaíodh miontuairiscí an chruinnithe an 24 Samhain 2023;
    - Aontaíodh go ndéanfadh comhaltaí an Choiste dréacht-mhiontuairiscí an chruinnithe Dé hAoine, an 26 Eanáir 2024 a ghlanadh trí ríomhphost laistigh de sheachtain.

3. **Dréacht-théarmaí Tagartha - Grúpa Oibre Teicniúil - Alt 9A, 9B agus Seirbhísí Idirghníomhacha:**
    - Luadh go bhfuil na leasuithe agus moltaí a cuireadh ar fáil maidir leis na dréacht-théarmaí tagartha do bhunú an ghrúpa oibre theicniúil i ndáil le halt 9A, 9B agus seirbhísí idirghníomhacha á mbreithniú;
    - Idir an dá linn, go bhféadfadh aon chomhalta atá fós ag scrúdú na ndréacht-téarmaí sin, a gcuid leasuithe/moltaí a chur ar aghaidh trí ríomhphost.

4. **Cur i Láthair – Conradh na Gaeilge:**
    - Cuireadh fáilte roimh Julian de Spáinn agus Róisín Ní Chinnéide a bhí i láthair thar ceann Chonradh na Gaeilge chun moltaí an Chonartha don Phlean Náisiúnta a chur os comhair an Choiste;
    - Tar éis an chuir i láthair, bhí seisiúin ceisteanna agus freagraí ann agus plé ginearálta ar:
        - sprioc earcaíochta 20% na reachtaíochta;
        - an Ghaeilge sa chóras oideachais;
        - an gréasán Gaeilge d'fhostaithe na hearnála poiblí;

    - an t-athbhreithniú ar an Tionscnamh Ardscileanna Gaeilge agus cúrsaí ábhartha a d'fhéadfaí a fhorbairt chun freastal ar riachtanais na sprice earcaíochta 20%;
    - foghlaim na Gaeilge a chur chun cinn i measc fostaithe reatha na hearnála poiblí;
    - an sprioc earcaíochta 20% a chomhcheangal leis na dualgais reachtúla eile atá ar chomhlachtaí poiblí mar fhostóirí agus soláthraithe seirbhíse;
    - moltaí ar inniúlacht teanga le teacht tríd an taighde agus le forordú trí chaighdeáin teanga.

5. **Forbairt an Phlean Náisiúnta:**
    - Rinneadh plé ginearálta ar dhul chun cinn an taighde lena n-áirítear:
        - Suirbhéanna/grúpaí fócais faoi mhíreanna ábhartha de na téarmaí tagartha, amlíne an taighde, agus beartais earcaíochta in eagraíochtaí na gcomhaltaí;
        - An cur chuige is fearr chun freagraí ar na suirbhéanna a chinntiú:
            - Moladh don fhoireann taighde labhairt arís le Cumann na nOifigeach Forbartha Gaeilge maidir leis na suirbhéanna;
            - Moladh go n-úsáidfí nuachtlitreacha na gcomhlachtaí poiblí ábhartha chun na suirbhéanna a chur chun cinn, nuair is cuí.

6. **Tráchtaireacht faoin gCoiste sna Meáin:**
    - Dúradh go raibh ailt éagsúla ábhartha sna meáin ón gcruinniú deireanach, mar seo a leanas:
        - Alt dar dáta an 29 Eanáir 2024 ar an *Irish Times* maidir le sprioc earcaíochta 20% na reachtaíochta agus an méadú atá ag teacht ar éileamh na hearnála príobháidí ar chúrsaí oiliúna Gaeilge.
        - Alt dar dáta an 30 Eanáir 2024 ar Tuairisc.ie maidir le folúntas do Rúnaí Cunta le freagracht as dualgais Ghaeilge agus Ghaeltachta sa Roinn TCEGSM.
        - Alt dar dáta an 31 Eanáir 2024 ar Tuairisc.ie maidir le córas tástála TEG a úsáid mar chuid de theagasc na Gaeilge ag leibhéal iarbhunscoile.
        - Ailt éagsúla agus clár maidir le sprioc earcaíochta 20% na reachtaíochta agus an bhrí atá leis:
            - Dar dáta an 15 Feabhra 2024 ar Tuairisc.ie;
            - Dar dáta an 15 Feabhra 2024 ar Nuacht TG4;
            - Dar dáta an 16 Feabhra 2024 ar Tuairisc.ie;
            - Dar dáta an 21 Feabhra 2024 ar Tuairisc.ie agus físeán gaolmhar.

7. **Dáta don Chéad Chruinniú Eile**:
    - Aontaíodh go socrófaí dáta don chéad chruinniú eile den Choiste faoi lár mhí an Mhárta agus an taighde ag teacht chun críche.

Emily Moloney

Rúnaí

2 Bealtaine 2024

Dáta Faofa